Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2023

Stair

Aonad Measúnaithe A2 2
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

AHY21

[AHY21]
DÉARDAOIN 8 MEITHEAMH, MAIDIN

AM

2 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **trí** cheist as an rogha agat. Freagair Ceist **1**, Ceist **2** agus **ceachtar acu** Ceist **3(a)** nó **3(b)**.
Léirigh go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann

Freagair Ceist **1 agus** Ceist **2 agus** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b)**.

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

Na Cúiseanna le Fás Shinn Féin 1916–1918

Foinse 1
Sliocht as forógra leis an Mharascal Machaire, an Bíocunta French, Fear Ionaid an Rí in Éirinn. Foilsíodh an forógra seo, a bhain le "Comhcheilg na Gearmáine", ar *The Irish Times*, 18 Bealtaine, 1918.

> Tuigtear dúinn go bhfuil géillsinigh áirithe Éireannacha de chuid an Rí i ndiaidh cumarsáid thréasach a bhunú leis an namhaid Ghearmánach. Caithfear dianbhearta a dhéanamh leis an chomhcheilg Ghearmánach seo a chur faoi chois. Is é an dualgas atá ar gach aon ghéillsineach dílis de chuid an Rí cuidiú le Fear Ionaid an Rí in Éirinn leis an chomhcheilg thréasach seo a chur faoi chois. Caithfidh muid iarrachtaí fealltacha seo na nGearmánach le dochar a dhéanamh d'onóir na nÉireannach ar son a gcuid spriocanna féin a chloí. Leis seo a bhaint amach, cuirfidh muid bearta eile i gcrích le liostáil dheonach in Éirinn i bhfórsaí an Rí a éascú agus a spreagadh, agus an dóchas againn, gan dul i muinín na héigeantachta, go dtógfar cuid na hÉireann i bhfórsaí na Breataine ina neart cuí.

Foinse 2
Sliocht as forógra toghcháin de chuid Shinn Féin. Eisíodh é go gairid roimh Olltoghchán na Nollag in 1918.

> Tá an t-olltoghchán atá ar na bacáin ríthábhachtach do thodhchaí ár náisiúin. Is é cuspóir Shinn Féin Poblacht Éireannach a bhunú. Bainfear an cuspóir seo amach, ar dtús, trí ionadaithe Éireannacha i bParlaimint na Breataine a tharraingt siar agus trí cheart Rialtas na Breataine reachtaíocht a rith d'Éirinn a shéanadh agus cur i gcoinne thoil Rialtas na Breataine sin a dhéanamh. Ar an dara dul síos, bainfidh Sinn Féin úsáid as gach aon uirlis atá ar fáil le Sasana a fhágáil gan chumas Éire a rialú trí fhórsa míleata nó eile. Ar an tríú dul síos, bunóidh Sinn Féin tionól ina mbeidh daoine a roghnaíodh i dtoghcheantair Éireannacha agus a bheidh ina ardúdarás náisiúnta le labhairt thar ceann mhuintir na hÉireann. Mar bhuille scoir, déanfaidh Sinn Féin achainí ar Chomhdháil na Síochána le hÉirinn a bhunú mar náisiún neamhspleách.

1 (a) Úsáid Foinse 1 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé chomh luachmhar agus atá Foinse 1 ag staraí mar fhianaise ar staidéar ar na cúiseanna le fás Shinn Féin sa tréimhse 1916–1918? [15]

(b) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus aon fhianaise eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Cé chomh mór agus atá na foinsí ag tacú leis an dearcadh gurb iad na botúin a rinne Rialtas na Breataine ba chúis le fás Shinn Féin sa tréimhse 1916–1918? [20]

Na Cúiseanna le Cogadh Cathartha na hÉireann 1922–1923.

Léirmhíniú A

Sliocht as R. Kee, *The Green Flag: A History of Irish Nationalism*, foilsithe sa bhliain 1972.

> Is dóchúla go mbeadh dóigh cheart bhunreachtúil ag gluaiseacht na Poblachta a cuid difríochtaí inmheánacha polaitíochta faoin Chonradh Angla-Éireannach a réiteach sa chás go raibh sí ina gluaiseacht dhílis dhaonlathach polaitíochta. Ní raibh an IRA riamh iontach measúil ar an dílseacht a bhí in ainm is a bheith acu do Dháil Éireann agus ba iad an fórsa ba cheannasaí sa tír iad, ba chuma cad é a tharla ar leibhéal na polaitíochta. Go ginearálta, bhí an IRA scoilte, leath ar leath, agus buíonta ag teacht le dearcadh a gcuid ceannairí, bíodh siad ar son an Chonartha Angla-Éireannaigh nó in éadan an Chonartha. Is minic a cuireadh an locht i measc an phobail ar de Valera as an Chogadh Chathartha a tháinig go gairid ina dhiaidh sin, ach ní airsean a bhí an fhreagracht. Ní de Valera a lean lucht frith-Chonartha san IRA ach a gcuid ceannairí féin. Fágadh Collins é féin anois gan chosaint ar bith ar an eagraíocht thar a bheith scaoilte a bhí cruthaithe aige. Cuireadh na deacrachtaí a bhain le cás an Tuaiscirt le chéile le himní Collins féin faoin IRA frith-Chonartha. Tuigeadh ar ball gur lig Lloyd George do Collins agus do Craig beirt tuiscintí a bhí ag teacht salach ar fad ar a chéile a fháil maidir leis an ról a bheadh ag Coimisiún na Teorann.

Léirmhíniú B

Sliocht as R. Rees, *Ireland 1905–25*, foilsithe in 1998.

> Bhí a fhios ag Griffith agus Collins beirt go scoiltfeadh Sinn Féin mar gheall ar an Chonradh ach bhí siad toilteanach fiúntas na cáipéise a chosaint sa Dáil. Óna thaobh féin de, bhain sé preab as de Valera nach ndeachaigh na toscairí i gcomhairle leisean, mar a gealladh, sular shínigh siad an conradh. Mar sin féin, d'éiligh Robert Barton gurbh é diúltú de Valera féin freastal ar an chomhdháil ba chúis leis an fhíorfhadhb. D'amharc mórán daoine ar ghníomhartha de Valera sa tréimhse seo mar iarracht a rinneadh d'aon ghnó le tacaíocht na n-antoisceach a mhealladh chuige féin agus an Conradh a chur ó mhaith agus a chuid iomaitheoirí sa pholaitíocht a scriosadh, Collins go háirithe. Ar bhonn ginearálta, bhí freagairt an IRA ar an Chonradh trína chéile agus, ar dhóigh amháin, ní raibh i gceist ach níos mó den easpa smachta agus den achrann inmhéanach a bhí ag crá na heagraíochta le linn an tsosa cogaidh. Ghlac buíon de chuid an IRA, agus Rory O'Connor i gceannas orthu, seilbh ar na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath agus bhunaigh ceannáras nua míleata iontu. Cuireadh cor eile sa scéal nuair a feallmharaíodh Sior Henry Wilson i Londain. Bhí Rialtas na Breataine ar mire faoi dhúnmharú Wilson agus chuir siad an milleán ar an IRA frith-Chonartha sna Ceithre Cúirteanna.

2 Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.

Ag úsáid na léirmhínithe, agus do thuiscint féin ar an chomhthéacs stairiúil, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo ar chúiseanna Chogadh Cathartha na hÉireann (1922–1923) a chreideann tú a bheith níos inchreidte? [25]

3 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Ceachtar acu

(a) "Droch-cheannaireacht John Redmond ba chúis go príomha leis an ghéarchéim leis an Tríú Bille Rialtas Dúchais sa tréimhse go Meán Fómhair 1914" Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [20]

Nó

(b) "Inghlactha ag Rialtas na Breataine ach doghlactha ag na páirtithe ar fad a tháinig faoina anáil in Éirinn." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an mheasúnu seo ar an Acht um Rialú na hÉireann 1920? [20]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Sources

Option 4, Interpretation A.....© The Green Flag: A History of Irish Nationalism by Robert Kee, Littlehampton Book Services (1972)
Option 4, Interpretation B.....© Ireland 1905-25 by Russell Rees, Colourpoint Educational (1998)

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

13474.05/1